

An Geall (le Liam Mac Uistín)	
1.	Thug an dochtúir sracfhéachaint ar an gculaith chostasach a bhí ar Cholm.
2.	‘Nach ndéanann tú obair ar bith?’
3.	Chroith Colm a cheann.
4.	‘Bhuaigh mé duais mhór sa Chrannchur Náisiúnta tamall ó shin,’ a dúirt sé le miongháire.
5.	‘Ní gá dom aon obair a dhéanamh.’
6.	‘An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat? Galf nó spórt éigin den sórt sin?’
7.	Chroith Colm a cheann arís.
8.	‘Ní thaitníonn aclaíocht liom.
9.	Ach is maith liom carranna spóirt a thiomáint.
10.	Is dócha gur caitheamh aimsire é sin.’
11.	Rinne sé draidgháire leis an ndochtúir.
12.	Rinne seisean tréaniarracht a dhímheas air a choinneáil faoi shrían.
13.	‘An bhfuil tú pósta?’
14.	‘Nílím.’
15.	‘Is dócha go mbíonn tú amuigh mall san oíche de ghnáth.’
16.	Sméid Colm a cheann.
17.	‘Ní fiú dom éirí roimh am lóin.
18.	Is minic nach mbím i mo shuí roimh an tráthnóna.
19.	‘Ansin caithim an oíche i gclub oíche éigin.’
20.	‘Tá an scéal seo an-simplí,’ a dúirt an dochtúir go ciúin.
21.	‘Tá tinneas goile ort ó bheith ag ithe bia róshaibhir.
22.	Tá do chóras néarógach corraithe de dheasca an iomarca ólacháin agus oícheanta malla.
23.	Agus níl tú aclaí.’
24.	‘Cad é an leigheas atá agat air sin?’ a d’fhiafraigh Colm.
25.	‘Nach léir duit é?’ a dúirt an dochtúir go searbh.
26.	‘Más mian leat bheith i mbarr do shláinte ní mór duit an cineál saoil atá agat faoi láthair a athrú.
27.	De bharr do bhua sa chrannchur géilleann tú do gach mian a bhuaileann tú.
28.	Tá tú ag íoc as an mbaois sin anois.’
29.	‘An í sin an t-aon chomhairle atá agat dom?’ a d’fhiafraigh Colm go míshásta.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
1.	Thug an dochtúir sracfhéachaint ar an gculaith chostasach a bhí ar Colm.	The doctor glanced at the expensive suit Colm had on.
2.	‘Nach ndéanann tú obair ar bith?’	‘Don’t you do any work at all?’
	a. Cad a dhéanann tú ar maidin?	What do you do in the morning?
	b. An itheann tú bricfeasta mór?	Do you eat a large breakfast?
	c. Itheann. Itheann mé uibheacha scrofa.	Yes. I eat scrambled eggs.
	d. Ithim. Ithim ispíní agus uibheacha.	Yes. I eat sausages and eggs.
	e. Nach n-itheann tú bricfeasta ar maidin?	Don’t you eat breakfast in the morning?
	f. Ní ithim. Ní ithim tada.	No. I don’t eat anything.
	g. An éiríonn tú go moch ar maidin?	Do you get up early in the morning?
	h. Éiríonn. Éiríonn mé ag a sé a chlog.	Yes. I get up at six o’clock.
	i. Éirím. Éirím ag a cúig a chlog.	Yes. I get up at five o’clock.
	j. Nach n-éiríonn tú ag a seacht?	Don’t you get up at seven?
	k. Ní éirím. Ní éirím ag a seacht.	No. I don’t get up at seven.
3.	Chroith Colm a cheann.	Colm shook his head.
4.	‘Bhuaigh mé duais mhór sa Chranncur Náisiúnta tamall ó shin,’ a dúirt sé le miongháire.	‘I won a large prize in the National Lottery a while ago,’ he said with a smile.
5.	‘Ní gá dom aon obair a dhéanamh.’	‘I don’t have to do any work.’
	a. Ní gá duit teacht.	You don’t have to come.
	b. Ní gá duit é a dhéanamh.	You don’t have to do it.
6.	‘An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat? Galf nó spórt éigin den sórt sin?’	‘Do you have any pastime? Golf or some sport of that kind?’
7.	Chroith Colm a cheann arís.	Colm shook his head again.
8.	‘Ní thaitníonn aclaíocht liom.	‘I don’t like exercise.
	a. An dtaitníonn sé leat?	Do you like it?
	b. Taitníonn. Taitníonn sé go mór liom.	Yes. I like it a lot.
	c. Ní thaitníonn. Ní thaitníonn sé liom.	No. I don’t like it.
9.	Ach is maith liom carranna spóirt a thiomáint.	But I like to drive sports cars.
10.	Is dócha gur caitheamh aimsire é sin.’	I suppose that that’s a pastime.
	a. Is dochtúir é.	He’s a doctor.
	b. Is dócha gur dochtúir é.	He’s probably a doctor.
	c. Ní dochtúir é.	He’s not a doctor.
	d. Is dócha nach dochtúir é.	He’s probably not a doctor.
11.	Rinne sé draidgháire leis an ndochtúir.	He grinned at the doctor.
12.	Rinne seisean tréaniarracht a dhímheas air a choinneáil faoi shrían.	He made a strong attempt to keep his disdain for him under control.
13.	‘An bhfuil tú pósta?’	‘Are you married?’
14.	‘Nílím.’	‘No.’
15.	‘Is dócha go mbíonn tú amuigh mall san oíche de ghnáth.’	‘You’re probably out late at night usually.’
	a. Bíonn sé amuigh gach oíche.	He’s out every night.
	b. Is dócha go mbíonn sé amuigh gach oíche.	He’s probably out every night.
	c. Ní bhíonn sé amuigh go minic.	He’s not out often.
	d. Is dócha nach mbíonn sé amuigh go minic.	He’s probably not out often.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
16.	Sméid Colm a cheann.	Colm nodded his head.
17.	‘Ní fiú dom éirí roimh am lóin.	‘It’s not worth my while to get up before lunchtime.
	a. Ní fiú duit teacht.	It’s not worth your while to come.
	b. B’fhiú duit é.	It would be worth your while.
18.	Is minic nach mbím i mo shuí roimh an tráthnóna.	I’m often not awake before evening.
19.	Ansín caithim an oíche i gclub oíche éigin.’	Then I spend the night in some night club.’
20.	‘Tá an scéal seo an-simplí,’ a dúirt an dochtúir go ciúin.	‘This case is very simple,’ said the doctor quietly.
21.	‘Tá tinneas goile ort ó bheith ag ithe bia róshaibhir.	‘You have a stomach ailment from eating food that’s too rich.
22.	Tá do chóras néarógach corraithe de dheasca an iomarca ólacháin agus oícheanta malla.	Your nervous system is agitated from too much drinking and late nights.
	a. Níor tháinig sé de dheasca na báistí.	He didn’t come on account of the rain.
	b. Níor tháinig sé dá dheasca.	He didn’t come because of it.
23.	Agus níl tú aclaí.’	And you’re not fit.’
24.	‘Cad é an leigheas atá agat air sin?’ a d’fhiafraigh Colm.	‘What’s your solution for that?’ asked Colm.
	a. leigheas	medicine / healing
	b. Níl leigheas agam air.	I can’t do anything about it.
25.	‘Nach léir duit é?’ a dúirt an dochtúir go searbh.	‘Isn’t it clear to you?’ said the doctor bitterly.
26.	‘Más mian leat bheith i mbarr do shláinte ní mór duit an cineál saoil atá agat faoi láthair a athrú.	‘If you want to be at the top of your health you have to change the type of life you have at present.
	a. Ní mór dom imeacht.	I have to go.
	b. Ní mór duit é a dhéanamh anocht.	You have to do it tonight.
27.	De bharr do bhua sa chranncgur géilleann tú do gach mian a bhuaileann tú.	Due to your win in the lottery, you give in to every fancy that strikes you.
	a. De bharr na beorach, tá tú tinn anois.	Because of the beer, you’re sick now.
	b. Tá tú tinn dá bharr.	You’re sick because of it.
	c. Dá bharr sin ...	Consequently, ... (because of that)
28.	Tá tú ag íoc as an mbaois sin anois.’	You’re paying for that foolishness now.’
29.	‘An í sin an t-aon chomhairle atá agat dom?’ a d’fhiafraigh Colm go míshásta.	‘Is that the only advice you have for me?’ asked Colm unhappily.
	a. sásta / míshásta	happy, contented, satisfied / discontented